# Fiontar agus Scoil na Gaeilge, DCU

# Polasaí maidir le hobair dhéanach

**Faofa ar 11.09.2018**

Má leagtar píosa oibre do mheasúnú isteach déanach, bainfear 5% den mharc a bhronntar ar an bpíosa oibre sin in aghaidh gach lae oibre i ndiaidh an spriocdháta.

Marcálfar píosa oibre sa ghnáthbhealach agus bronnfar marc air. Is ar an ngrád seo a bhunófar an marc a bhainfear, m.sh. tar éis lae, bainfear 5% de ghrád 60% agus bronnfar 57% ar an bpíosa oibre sin; tar éis dhá lá, bainfear 10% de ghrád 60% agus bronnfar 54% ar an bpíosa oibre sin.

Má bhronntar marc níos airde ná 40% ar phíosa oibre sula mbaintear marcanna de bharr é a bheith déanach, ní rachfar níos ísle ná 40% sa mharc deiridh a bhronnfar ar an bpíosa oibre sin.

Glacfar le hobair atá suas le seachtain déanach. D'fhéadfadh go mbronnfaí 0% ar phíosa oibre a leagtar isteach níos mó ná seachtain i ndiaidh an spriocdháta.

**<u>Síneadh ama</u>**

Is i gcás cúinsí tromchúiseacha amháin a thabharfar síneadh ama do mhac léinn.

Munar féidir le mac léinn píosa oibre a leagan isteach roimh an spriocdháta de bharr cúinsí tromchúiseacha, is gá don mhac léinn teagmháil a dhéanamh le comhordaitheoir an mhodúil roimh an spriocdháta agus d'fhéadfadh an comhordaitheoir modúil síneadh ama a bhronnadh. De ghnáth, ba ghá don mhac léinn fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil chun tacú le hiarratas ar shíneadh ama.

Suas le seachtain de shíneadh ama a thabharfaí, de ghnáth.

Má bhronntar síneadh ama, agus muna gcuireann mac léinn an píosa oibre ar fáil faoin spriocdháta nua sin, pléifear leis an bpíosa oibre sin mar obair dhéanach agus gearrfar pionós mar atá leagtha amach thuas.

Moltar go láidir do mhic léinn foirm R30 d'Imthosca Maolaitheacha (Extenuating Circumstances - R30 form) a leagan isteach go dtí an Chlárlann (Registry) má bhíonn cúinsí tromchúiseacha i gceist.